2009

An Oifig um Rialú Tobac
Tuarascáil Bhliantúil

Office of TOBACCO CONTROL

Ráiteas Misin

Tá an Oifig um Rialú Tobac (OTC) tiomanta chun tacú le beartas an Rialtais um 'Shochaí Saor ó Thobac a chur chun cinn' trí na feidhmeanna a sannadh di faoin Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus faoin Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004 a chomhlíonadh ar bhealach críochnúil neamhspleách.

ISSN 978-0-9564420-1-7
An Nás, Márta 2010

Leathanach na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh 2

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 6

Buaicphointí 2009 8

Feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac 9

Cairt Eagrúcháin 9

Baill an Bhoird 10

Cuspóir 1: 12
Comhlíonadh fhorálacha bainteacha na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009

Cuspóir 2: 18
Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cabhrú léi i gcur i ngníomh beartas agus spriocanna an Rialtais maidir le rialú agus rialúchán táirgí tobac

Cuspóir 3: 22
Tabhairt faoi thaighde mar thacaíocht do thionscnaimh um rialú tobac bunaithe ar fhianaise agus na torthaí a scaipeadh

Cuspóir 4: 26
Na buntáistí a bhaineann le bogadh i dtreo sochaí saor ó thobac a chur in iúl go gníomhach

Cuspóir 5: 30
Leanúint ag **forbairt éifeachtacht agus chumas na hOifige** agus a foirne chun a chinntiú go gcomhlíonann sí a feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil

Ráiteas Airgeadais 34

"Is den ríthábhacht an rialú tobac a bheith ina thosaíocht ag ceannairí polaitiúla agus ag ceannairí sláinte poiblí. Ní mór don eagraíocht nua a eascróidh as an gcónascadh an tosaíocht sin a dhearbhú. Ba chóir ról feiceálach a bheith ag an rialú tobac i gcónaí; ní mór go samhlaítear é le tacaíocht agus le ceannasaíocht láidir pholaitiúil."

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige um Rialú Tobac 2009 a chur ar fáil. Ba thairbheach thar an ngnách an bhliain 2009 don Oifig; i mí Iúil thosaigh an tAire Sláinte agus Leanaí ar ailt bhreise a chur leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 go 2009. D'oibrigh an Oifig go dlúth leis na páirtithe leasmhara uile d'fhonn a chinntiú gur baineadh gach fógra tobac agus taispeántas tobac de na díolphointí i siopaí, i ngaráistí, in ollmhargaí agus in áitribh cheadúnaithe faoin spriocdháta i mí Iúil.

Léiríonn an taighde a chumhachtaí is atá an fhógraíocht agus a láidre is a théann sí i gcion ar dhaoine óga le hiad a mhealladh chun tobac a chaitheamh. Cuireadh cosc ar fhógraíocht tobac ag díolphointí i siopaí, agus de réir thorthaí thosaigh an taighde a rinneadh in Éirinn ar éifeacht an bhearta sin, is cosúil go bhfuil dea-thionchar á imirt ar shláinte phoiblí cheana féin. Is mór agam é sin a rá.

Tá mé an-dóchasach go nglacfar leis an mbeart seo, in am agus i dtráth, mar cheann tábhachtach sa troid i gcoinne eipidéim an tobac. Tá léirithe ag Éirinn arís go bhfuil sí ina ceannaire sa rialú tobac, agus táimid ag leanúint linn ag cur srianta ar fhógraíocht tobac ar mhaithe leis an nglúin atá le teacht.

I mí na Samhna, d'fhoilsigh an Oifig torthaí an taighde is déanaí ar leibhéil ghéilliúlachta do dhiúltú tobac a dhíol le mionaoisigh. Seo hí an tríú bliain ina ndearnamar monatóireacht ar an ábhar seo agus léiríonn na torthaí go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas bliain i ndiaidh bliana. Is é an fhírinne, áfach, ná go bhfuil trian de mhiondíoltóirí sásta i gcónaí tobac a dhíol le mionaoisigh agus ní inghlactha sin.

Caithfimid leanúint dár gcomhiarrachtaí d'fhonn a chinntiú nach féidir le mionaoisigh teacht ar thobac go héasca i siopaí áitiúla. Táim ag gríosadh gach miondíoltóir tobac le deimhniú nach ndíoltar tobac le mionaoisigh. Dá réir sin, deimhneoidh siad nach dtolgfaidh mionaoisigh andúil i nicitín. Ba mhaith liom freisin na hOifigigh Sláinte Comhshaoil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a mholadh as an reachtaíocht a fhorfheidhmiú sa réimse tábhachtach seo. Creidim gurb iad na trí ní is tábhachtaí le leibhéil géilliúlachta a ardú ná tacaíocht ón bpobal, miondíoltóirí bheith san airdeall agus, nuair is gá, forfheidhmiú a dhéanamh.

Ghlac an Oifig le hiarratais freisin ó mhiondíoltóirí tobac agus ó oibreoirí díolmheaisíní ar Chlár Náisiúnta na Miondíoltóirí Tobac. Cuireadh an clár sin i bhfeidhm ar an 1 Iúil. Má chiontaítear duine cláraithe i gcion faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009, ní ceadmhach dóibh tobac a dhíol ar feadh tréimhse áirithe ama. Is iad na cúirteanna a shocraíonn an tréimhse ama sin. Is beart tábhachtach é seo d'fhonn díol tobac le mionaoisigh dhíspreagadh.

Is léir gur céim chun tosaigh é gur cuireadh i bhfeidhm ailt bhreise de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009 in 2009, ach mar sin féin, níl deireadh ráite faoin tobac agus ní mór dúinn coinneáil orainn.

Maidir le rátaí caite tobac sa daonra ar fad, de réir an tsuirbhé is déanaí le Slán tá ráta leitheadúlachta caite tobac de 29% ann. Is ard an ráta seo de réir caighdeán idirnáisiúnta agus is airde i bhfad é ná ráta Shasana. Is léir gur fada an bóthar atá amach romhainn más mian linn go n-éireoidh leis na tionscnaimh reachtacha laghdú a chur ar na rátaí caite tobac agus laghdú a chur ar líon na ndaoine a éagann de thoradh tobac.

Agus muid ag druidim i dtreo chomóradh 10 mbliain ó foilsíodh an doiciméad tábhachtach beartais, *I dTreo Sochaí Saor ó Thobac*, caithfimid a rá go bhfuil dul chun cinn déanta againn. Mar sin féin, is é an tobac is minice is cúis le bás inchoiscthe in Éirinn. Éagann níos mó ná 6,000 duine de thoradh úsáid an tobac gach bliain agus maraíonn an tobac leath de na daoine a chaitheann é ar bhonn rialta nuair a shroicheann siad an mheánaois. Tá leagtha síos go soiléir ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte na bearta is féidir a dhéanamh le dul i ngleic leis an eipidéim seo agus is féidir linne anseo in Éirinn foghlaim ó thaithí na dtíortha eile ar éirigh leo rátaí leitheadúlachta caite tobac a laghdú.

Ag tógáil ar ar baineadh amach cheana, is den ríthábhacht straitéis fhorásach chuimsitheach a cheapadh d'Éirinn leis an tobac a rialú.

Ar an ábhar seo, is mithid anois breathnú ar rialú tobac in Éirinn sa todhchaí. Tá beartaithe ag an Rialtas an Oifig a chónascadh sa bhliain 2011. Bhí an Fheidhmeannacht agus an Bord ag obair go dícheallach le chéile i gcaitheamh 2009 d'fhonn a chinntiú go n-éireoidh leis an gcónascadh seo. Is den ríthábhacht an rialú tobac a bheith ina thosaíocht ag ceannairí polaitiúla agus ag ceannairí sláinte poiblí. Ní mór don eagraíocht nua a eascróidh as an gcónascadh an tosaíocht sin a dhearbhú. Ba chóir ról feiceálach a bheith ag an rialú tobac i gcónaí; ní mór go samhlaítear é le tacaíocht agus le ceannasaíocht láidir pholaitiúil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhaltaí boird as an tacaíocht a thug siad agus as an dianobair a rinne siad le linn na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don Phríomhfheidhmeannach atá ag dul as oifig, Éamonn Rossi, as an obair a rinne sé agus d'fhoireann na hoifige, a chuir go mór leis an mbliain thairbheach trína dtiomantas agus trína ngairmiúlacht.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas agus don tacaíocht a léirigh an tAire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Harney, agus an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, an tUasal Áine Brady, agus na feidhmeannaigh sa Roinn Sláinte agus Leanaí, go háirithe san Aonad um Rialú Tobac.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus le foireann na Seirbhíse Sláinte Comhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as an tacaíocht leanúnach a thug siad dúinn, as a gcomhoibriú agus as a ngairmiúlacht. Táim ag súil le bheith ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe uile lenár sprioc chomhchoiteann a bhaint amach: sochaí saor ó thobac.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar Chúrsaí Rialachais Chorparáidigh

Féachann an Oifig le cinntiú gur de réir dea-rialachais chorparáidigh a cheaptar a cuid beartas agus a cleachtas, agus le cinntiú go gcloíonn sí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Admhaím, mar Chathaoirleach, na nithe seo a leanas:

1. Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta cuí á gcur i bhfeidhm ag an Oifig maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, cúrsaí taistil, fáil agus diúscairt sócmhainní.

2. Tá curtha i bhfeidhm Cóid um Iompar Gnó do Bhaill agus d'Fhostaithe. Chomhaontaigh an Bord ar na cóid sin agus cloítear leo.

3. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá na bPríomhfheidmeannach agus maidir le pá gach fostaí de chuid na gcomhlachtaí stáit.

4. Eagraíodh ocht gcruinniú Boird sa bhliain 2009. Cuireadh sé chruinniú ar siúl. D'uireasa córaim, reáchtáladh dhá chruinniú coiste. Seo a leanas tinreamh na mball a d'fhreastail ar chruinnithe an Bhoird:

An tUasal Norma Cronin	6
An tOllamh Shane Allwright	6
An tOllamh Farrel Corcoran	6
An tUasal Mary Cunningham	5
An Dochtúir Patrick Doorley	0
An tUasal Paddy Donnelly (arna cheapadh an 20 Aibreán 2009)	3
An tUasal Dennis Drought	5
An tUasal Annette Fitzgerald	5
An tUasal Stephanie Kelly (a d'éirigh as an 14 Bealtaine 2009)	0
An tUasal Eimear Killian (arna ceapadh an 17 Aibreán 2009)	1
An tUasal Owen Nulty	3
An Comhairleoir Rosaleen O'Grady	5

5. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le costais na mball a íoc. Ní raibh aon táillí iníoctha le baill.

   I gcaitheamh na bliana, bhí na méideanna seo a leanas iníoctha le baill an Bhoird maidir le costais:

	Costais €
An tUasal Norma Cronin	816.76
An tOllamh Shane Allwright	27.91
An tUasal Annette Fitzgerald	645.79
An tUasal Eimear Killian	564.40
An tUasal Owen Nulty	18.20
An Comhairleoir Rosaleen O'Grady	2,084.09

6. Táthar ag cloí leis na treoirlínte a leagtar síos in Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals in the Public Sector.

7. Deimhním go bhfuiltear ag cloí le ceanglais bheartas thaisteal an Rialtais i ngach cáil.

8. Dearbhaím go bhfuil glactha go hiomlán ag an mBord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus go bhfuil an Cód sin curtha i bhfeidhm ag an Oifig.

9. Dearbhaím gur chloígh an Oifig lena gcuid oibleagáidí faoi dhlí cánach.

Ráiteas faoi Rialúcháin Inmheánacha Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann an Bhoird, admhaím go bhfuil freagracht orainn a chinntiú go gcoinnítear ar bun agus go bhfeidhmítear san Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Féadann an córas dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú absalóideach, a thabhairt go ndéanfar luach sócmhainní a chosaint, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad, go gcuirtear cosc ar earráidí ábhair agus ar mhíréir, nó, i gcás nach gcuirtear cosc orthu, go dtagtar orthu gan mhoill.

Nósanna Imeachta Tábhachtacha Rialaithe

i. D'fhonn a chinntiú go bhfuil córas rialaithe cuí i bhfeidhm, tá na bearta seo a leanas déanta ag an mBord:

   - Tá freagrachtaí bainistíochta mínithe go soiléir aige;
   - Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe aige d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cosaint a dhéanamh ar luach shócmhainní na heagraíochta;
   - Tá sé ag leagan béime ar a thábhachtaí is atá sé glacadh le freagracht i ngach leibhéal den eagraíocht.

ii. Bhunaigh an Bord próisis chun na príomhrioscaí gnó atá os comhair na hOifige a shainaithint agus a mheasúnú. Tá Clár Rioscaí Corparáideacha forbartha ag an Oifig; rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú air sa bhliain 2008 agus déanann an Bord monatóireacht leanúnach air.

   Déanann Clár na Rioscaí:

   - cineál agus tionchar na rioscaí atá ag bagairt ar an oifig a aithint
   - measúnú ar a dhóchúla is atá sé go dtitfidh amach na rioscaí aitheanta
   - measúnú ar an tionchar a imreoidh na rioscaí ar an Oifig má thiteann siad amach.

iii. Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta ón lucht bainistíochta, de nósanna imeachta riaracháin lena

n-áirítear leithscaradh dualgas, agus de chóras tarmligin agus freagrachta. Go sonrach, áirítear leis:

- Córas cuí buiséadaithe, ar cuid de é buiséad bliantúil a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air;
- Athbhreithniú rialta ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéise;
- Cruinnithe ag an lucht bainistíochta ar bhonn rialta;
- Nósanna imeachta airgeadais doiciméadaithe.

iv. Tá feidhm sheachfhoinsithe iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig um Rialú Tobac a fheidhmíonn de réir an Chóid Chreatlaí um Dhea-Chleachtas. Leagtar síos an Cód Creatlaí sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bunaítear an iniúchóireacht inmheánach ar an anailís a dhéantar ar an riosca a bhagraíonn ar an Oifig, agus socraítear ar phleananna don iniúchóireacht inmheánach bliantúil de réir na hanailíse sin. Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna don iniúchóireacht inmheánach, agus faomhann an Bord iad.

Is gnách leis an gCoiste Iniúchóireachta agus leis an Iniúchóir Inmheánach teacht le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana le hathbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí a gcuid iniúchtaí agus le cinntiú gur éifeachtach i gcónaí an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile cúig huaire in 2009.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Coiste ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tá siad bunaithe ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Oifig a bhfuil freagracht orthu an creatlach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar na nótaí tráchta a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar chóras na rialúchán inmheánach airgeadais sa bhliain dar chríoch 2009.

Norma Cronin
Cathaoirleach

"De réir taighde a choimisiúnaigh an Oifig go gairid i ndiaidh thús an fheachtais, tá 98% d'fhógraí agus 97% de thaispeántais tobac bainte d'asraonta miondíola ar fud na tíre."

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba bhliain thábhachtach í 2009 don Oifig um Rialú Tobac agus don rialú tobac in Éirinn. Tosaíodh ar fhorálacha breise a chur leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009 ar an 1 Iúil 2009, rud a chuir cosc ar fhógraí tobac agus ar thaispeántais táirgí tobac ag díolphointí i siopaí.

Roimh an dáta sin, is beag nach i gcónaí a d'fheiceadh páistí tobac sa spás is feiceálaí taobh thiar den chuntar in ollmhargaí, siopaí, siopaí nuachtáin agus stáisiúin peitril. Chuirtí an tobac i measc réimse mór táirgí inaitheanta, rud a chuir i gcéill gur inghlactha agus gur comónta i bhfad an caitheamh tobac sa tsochaí ná mar atá.

Sílim gur maith an rud é nach bhfuil fógraí agus taispeántais tobac le feiceáil i siopaí miondíoltóirí in Éirinn a thuilleadh. Is beart straitéiseach é seo a ndéanfaidh tionchar nach beag agus a dhéanann páiste a chosaint go háirithe.

Chuir an Oifig feachtas cumarsáide ar siúl agus, sular tosaíodh é, d'oibrigh sí le comhghleacaithe sa Roinn Sláinte agus Leanaí agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) d'fhonn a chinntiú go raibh miondíoltóirí agus eile ar an eolas faoi na forálacha úra.

De réir taighde a choimisiúnaigh an Oifig go gairid i ndiaidh thús an fheachtais, tá 98% d'fhógraí agus 97% de thaispeántais tobac bainte d'asraonta miondíola ar fud na tíre.

Is beart tábhachtach é seo ó thaobh sláinte poiblí de; cuireann sé deireadh le mórbhealach fógraíochta agus taispeánta tobac in áitribh a ghnáthaíonn daoine óga.

Chuir an Oifig Clár Náisiúnta na Miondíoltóirí Tobac le chéile sular tosaíodh ar iarratais a ghlacadh ar an 1 Iúil 2009. Ba é mí Mheán Fómhair an mhí ba ghnóthaí ó thaobh miondíoltóirí tobac a chlárú agus na táillí clárúcháin a bhailiú, ach leanadh den obair sa chuid eile den bhliain.

I mí na Samhna 2009, d'fhoilsigh an Oifig a tríú National Tobacco Retail Audit Monitoring Report.

Ba éard b'aidhm leis an tuarascáil ná féachaint ar tháinig athrú ar leibhéil ghéilliúlachta do reachtaíocht maidir le díolacháin tobac le mionaoisigh. Cuireadh torthaí na tuarascála i gcomparáid le torthaí ó 2007 agus 2008. Cé go léiríonn an tuarascáil go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, tá trian de mhiondíoltóirí sásta i gcónaí tobac a dhíol le páistí.

Anuas ar thosú ar fhorálacha breise a chur leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009, lean an Oifig de bheith ag comhlíonadh na freagrachta reachtúla atá uirthi: an Clár Náisiúnta Chigireachta Tobac a chomhordú i gcomhar le FSS. Is cuid thábhachtach í seo de bheartas éifeachtach rialaithe tobac.

Áirítear leis an gclár monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar reachtaíocht maidir le hionaid oibre a bheith saor ó thobac. Díríonn sé i gcónaí ar na bealaí inar féidir dul i ngleic le díolacháin tobac le mionaoisigh freisin. Áiríodh leis an gclár forfheidhmithe sa bhliain 2009 miondíoltóirí a ghríosú le cloí leis an gcosc ar fhógraíocht agus ar thaispeáint táirgí tobac sular cuireadh na bearta úra sin i bhfeidhm. Ar bhuaicphointí an Chláir Náisiúnta Chigireachta Tobac sa bhliain 2009, tá na cinn seo a leanas:

- Rinneadh 25 ionchúiseamh de bharr sárú ar reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac agus bhain 18 díobh siúd le háitribh cheadúnaithe;
- As ocht gcás a tionscnaíodh as tobac a dhíol le mionaoisigh, rinneadh sé chiontú.

Bíonn an Oifig i gcónaí ag iarraidh comhoibriú leis an sochaí d'fhonn rialú tobac a chur chun cinn. Sa bhliain 2009, d'oibrigh an Oifig leis an Ulster Cancer Foundation agus le Comhairle Uladh an CLG d'fhonn an cluiche idir Ard Mhacha agus Tír Eoghain i gCluain Eois a chur chun cinn mar ócáid saor ó thobac. Ba chuid de chraobhchomórtas Uladh é an cluiche.

Léirigh torthaí taighde a d'fhoilsigh an Oifig roimh an ócáid go raibh 83% de dhaoine a théann go hócáidí spóirt ar son beartais a dhéanfadh staideanna saor ó thobac. Bhí an cuid is mó de lucht caite tobac ar son an bheartais chéanna.

Le linn na bliana 2009, bhí an Oifig sásta torthaí a taithí a roinnt le comhghleacaithe idirnáisiúnta, go háirithe maidir le fógraí agus taispeántais a bhaint as díolphointí i siopaí.

De dhroim an fhógra a rinne an tAire Sláinte agus Leanaí go gcuirfí i bhfeidhm mórchlár cuichóirithe ar ghníomhaireachtaí san earnáil Sláinte, d'oibrigh an Oifig in 2009 chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gcónascadh agus leis an aistriú dualgas.

I rith na deich mbliana seo a chuaigh thart tugadh reachtaíocht chuimsitheach isteach chun buntacú le rialú tobac in Éirinn. Is é an chéad dúshlán eile atá againn ná cur leis an ardán reachtaíochta seo, agus straitéis atreisithe um rialú tobac a cheapadh chun dul i ngleic leis na dúshláin maidir le cosc a chur ar dhéagóirí tobac a chaitheamh agus leitheadúlacht an chaithimh tobac i gcoitinne a laghdú, as a dtiocfaidh saoil níos faide, níos sláinte le haghaidh daoine.

Éamonn Rossi
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

2009
Buaicphointí

- **Cuireadh reachtaíocht i bhfeidhm an 1 Iúil 2009 a bhain fógraí agus taispeántais tobac de dhíolphointí in asraonta miondíola agus in áitribh cheadúnaithe.**

- **Léiríonn an taighde a rinne an Oifig sa dara leath den bhliain 2009: go bhfuil 98% de shiopaí ag cloí le reachtaíocht a chuireann cosc ar fhógraíocht tobac agus go bhfuil 97% de shiopaí ag cloí le reachtaíocht maidir le tobac atá ar díol sa siopa a thaispeáint.**

- **Léiríonn taighde úr arna chómhaoiniú ag an Oifig go dtéann taispeántais ag díolphointí i gcion ar pháistí.**

- **Cuireadh Clár Náisiúnta na Miondíoltóirí atá ceadaithe tobac a dhíol i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2009.**

- **Léiríonn an *National Tobacco Retail Audit – 2009 Monitoring Report* go bhfuil ardú d'ocht bpointe, suas go 68%, tar éis teacht ar an gcéatadán de mhiondíoltóirí a dhiúltaíonn toitíní a dhíol le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Cuirtear é seo i gcomparáid le ráta de 60% sa bhliain 2008 agus le ráta de 52% sa bhliain 2007.**

- **Tacaítear go forleathan d'ionaid oibre bheith saor ó thobac.**

- **Reáchtáladh den chéad uair riamh cluiche CLG i staid saor ó thobac mar chuid de chraobhchomórtas Uladh an CLG. D'éirigh go maith leis an ócáid agus léiríonn sé sin go dtacaíonn an pobal go mór leis an mbeart.**

Feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac

Is comhlacht reachtúil í an Oifig um Rialú Tobac a bunaíodh d'fhonn beartas rialaithe tobac an Rialtais a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú. Cuirtear síos air seo sa tuarascáil *I dTreo Sochaí Saor ó Thobac* a foilsíodh sa bhliain 2000.

Tá an Oifig tiomanta do thacú le beartas an Rialtais sochaí saor ó thobac a chur chun cinn trí na feidhmeanna a sannadh di faoin Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 a chomhlíonadh ar bhealach críochnúil neamhspleách.

Is iad na feidhmeanna sin ná:

1. Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú leis nó léi beartais agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil táirgí tobac go ginearálta a chur i bhfeidhm

2. Dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta cuí maidir lena bhfuil ag teacht chun cinn i gcúrsaí rialaithe tobac

3. Comhairle a chur ar an Aire maidir le haon ghníomhartha breise ar cheart a dhéanamh chun caitheamh tobac nó na tionchair a bhíonn aige a laghdú nó a scriosadh

4. Obair thaighde a eagrú agus torthaí na hoibre sin a scaipeadh

5. Comhordú a dhéanamh ar chlár cigireachta náisiúnta i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

6. Comhairle a chur ar an Aire de réir mar is gá maidir le gníomhaíochtaí lucht an tionscail tobac i gcúrsaí táirgeachta agus margaíochta

7. Aon fheidhm eile a dhéanamh a d'fhéadfadh an tAire sannadh don Oifig ó am go ham

Chomh maith leis sin, cuirfidh an Oifig um Rialú Tobac feidhmeanna sainiúla áirithe i gcrích ar nós clár áitreabh miondíola a choimeád agus tástáil géilliúlachta a dhéanamh ar tháirgí tobac.

Cairt Eagrúcháin amhail 31 Nollaig 2009



Baill An Bhoird

Ba í an tAire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Harney TD, a cheap Bord reatha na hOifige um Rialú Tobac i Márta 2008. Is iomaí cúlra atá ag baill an Bhoird lena n-áirítear cúram sláinte, bainistiú seirbhísí sláinte, an saol acadúil, gnó agus earnáil na hóige.

Tá an tUasal Norma Cronin ina cathaoirleach ar an mBord. Tá sí ina Bainisteoir Cothaithe Sláinte i Rialú Tobac le Cumann Ailse na hÉireann. Ceapadh an tUasal Cronin mar Chathaoirleach i nDeireadh Fómhair 2008

An tUasal Norma Cronin, Cathaoirleach

Bainisteoir Cothaithe Sláinte, Rialú Tobac

Cumann Ailse na hÉireann

An tOllamh Shane Allwright

Ollamh Comhlach, Eipidéimeolaíocht

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An tOllamh Farrel Corcoran

Ollamh le Cumarsáid

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

An tUasal Mary Cunningham

Stiúrthóir

Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann

An Dochtúir Patrick Doorley

Stiúrthóir Náisiúnta um Shláinte an Daonra

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An tUasal Paddy Donnelly

Iar-Ard-Rúnaí

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

An tUasal
Dennis Drought

Mac Léinn

An tUasal
Annette Fitzgerald

Príomhoifigeach Sláinte Comhshaoil

FSS an Iarthair

An tUasal Eimear Killian

Leas-Bhainisteoir

Óstán Glenlo Abbey, Gaillimh

An tUasal Owen Nulty

Iar-Ard-Rúnaí

an Cheardchumainn MANDATE

An tUasal
Rosaleen O'Grady

Bainisteoir Sinsearach Altraí Cliniciúla, FSS an Iarthair

Comhairleoir, Comhairle Baile Shligigh

Cuspóir 1

Comhlíonadh fhorálacha bainteacha na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go 2009.

Tá roinnt freagrachtaí ar an Oifig maidir le monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh le cinntiú go gcloítear leis na forálacha bainteacha de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 go 2009. Áirítear go sonrach i ról na hOifige:

- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac;
- Gníomhú mar oifigeach údaraithe agus caingne dlí a thionscnamh de réir mar is gá;
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar na ceanglais dhlíthiúla náisiúnta atá ar thionscal an tobac agus ar thionscail atá nasctha leis;
- Clár miondíoltóirí táirgí tobac a bhunú agus a choimeád.

Sa bhliain 2009, dhírigh an Oifig go príomha ar ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh na bhforálacha fógraíochta úra a bhí ag teacht isteach mar chuid de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009agus ar ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh Chlár Náisiúnta na Miondíoltóirí.

Toradh suntasach de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009go dtí seo ná a dhlúithe is atáthar ag cloí leis an reachtaíocht. Baineadh sin amach trí thacaíocht ón bpobal, trí na tionscnaimh oideachasúla a chuir páirtithe leasmhara ar siúl, agus trí fhorfheidhmiú gníomhach a dhéanamh.

Tacaítear go forleathan le reachtaíocht maidir le hionaid oibre bheith saor ó thobac. Tá sé ríthábhachtach go ndéanann na hOifigigh Sláinte Comhshaoil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) forfheidhmiú ar bhonn gníomhach mar chuid den Chlár Náisiúnta Cigireachta Tobac d'fhonn na léibhéil ghéilliúlachta seo a choinneáil.

Lena chois sin bhíothas gníomhach agus forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le tobac a dhíol le mionaoisigh mar chuid den Chlár Náisiúnta Cigireachta Tobac. Tá forbairt agus monatóireacht á dhéanamh ag Oifigigh Sláinte Comhshaoil i gcláir triailcheannaigh ar fud ceithre limistéar FSS. Má chuirtear an reachtaíocht i bhfeidhm go gníomhach cabhraíonn sé seo go mór le hiompar na miondíoltóirí a fheabhsú i leith na reachtaíochta ábhartha.

Lean an Oifig de bheith ag tabhairt tacaíochta don chlár cigireachta tríd an Líne Géilliúlachta Íosghlao a fheidhmiú agus a bhainistiú. Sa bhliain 2009, leathnaíodh feidhm na líne le glacadh le gach fiosrúchán a bhaineann le Clár na Miondíoltóirí.

Tús le Srianta Cuimsitheacha ar Thobac

Ar an 1 Iúil 2009, cuireadh i bhfeidhm roinnt forálacha tábhachtacha de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009.

Áirítear le forálacha na reachtaíochta:

- Ní ceadmhach táirgí tobac a fhógairt ná a thaispeáint in áitreabh miondíola a dhíolann táirgí tobac;
- Ceanglas ar mhiondíoltóirí a chinntiú go gcoimeádtar a gcuid táirgí tobac as radharc, laistigh de choimeádán nó dáileoir dúnta nach mbeidh ach an miondíoltóir agus na baill foirne miondíola in ann rochtain a fháil air;
- Féadann an miondíoltóir liosta pictiúrtha (de réir na Rialachán) a úsáid chun ball den phobal atá 18 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil sé rún aige/aici táirge tobac a cheannach a chur ar an eolas faoi na táirgí tobac atá ar fáil;
- Ceanglas ar mhiondíoltóirí comhartha a thaispeáint ag a n-áitreabh ag cur in iúl don phobal gur féidir táirgí tobac a dhíol ag an áitreabh sin leo siúd atá os cionn 18 mbliana d'aois.
- Cosc ar dhíolmheaisíní féinseirbhíse ach amháin in áitreabh ceadúnaithe agus i gclubanna cláraithe agus ní mór iad a oibriú de réir na rialachán
- Ceanglas ar gach miondíoltóir táirgí tobac clárú leis an Oifig um Rialú Tobac.

Clár Náisiúnta Na Miondíoltóirí Tobac

Ó 1 Iúil i leith, iad siúd a dhíolann tobac ar bhonn miondíola, agus iad siúd atá ag iarraidh tobac a dhíol ar bhonn miondíola, bíodh sé thar an gcuntar nó ó dhíolmheaisín féinseirbhíse, ní mór dóibh clárú leis an Oifig. Ní ceadmhach díolmheaisíní féinseirbhíse ach amháin in áitribh cheadúnaithe agus ní mór d'oibreoir an díolmheaisín agus d'úinéir an áitribh/an chlub cheadúnaithe araon clárú. Gearrtar táille €50 ar gach iarratasóir. Aon duine atá cláraithe faoi Alt 37 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009, má chiontaítear é i gcion faoi na hAchtanna, bainfear é den Chlár ar feadh tréimhse ama a shocróidh na Cúirteanna.

Sa bhliain 2008, bunaíodh Grúpa Stiúrtha Tionscadail, a bhfuil an Oifig mar chathaoirleach air, le cabhrú leis an gClár a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Áirítear le baill an Ghrúpa feidhmeannaigh ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus ó FSS agus reáchtáladh cruinnithe rialta le linn 2009 d'fhonn a chinntiú gur cuireadh an tionscadal i gcrích i gceart agus in am.

De dhroim próiseas poiblí soláthair sa bhliain 2008, ceapadh agus tógadh córas teicneolaíochta faisnéise le tacú leis an gClár a thabhairt isteach. Cuireann an córas iarratais leictreonacha (ar líne) agus iarratais páipéir araon ar fáil. Seoladh an tionscadal ar an 1 Iúil 2009.

Ghlac foireann na deisce cabhrach agus an tAonad Géilliúlachta agus Forfheidhmiúchán le 2,351 fiosrúchán idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2009.

Sa bhliain 2009, fuarthas iomlán de 8,104 iarratas ar chlárú agus chuir an Oifig 4,202 clárúchán i gcrích.

Cumarsáid leis na Páirtithe Leasmhara

D'oibrigh an Oifig le cinntiú go raibh na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na bearta úra a bhí ag teacht isteach.

Rinne an Oifig leabhrán treorach dar teideal Treoir dóibh siúd a dhíolann Táirgí Tobac i mBealtaine 2009, a eisíodh ar chomhlachais trádála miondíoltóirí agus vintner, ar mhiondíoltóirí agus ar úinéirí áitribh cheadúnaithe agus ar Oifigí Sláinte Comhshaoil.

I mí na Bealtaine, reáchtáladh Seimineár Eolais do Phríomhoifigigh Sláinte Comhshaoil a oibríonn i FSS. Ba í an tAire Stáit, an tUasal Áine Brady TD, a sheol an ócáid. Chuir an Oifig comhairle agus tacaíocht bhreise ar fáil d'Oifigigh Sláinte Comhshaoil nuair a cuireadh na bearta i bhfeidhm.

I gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, reáchtáil an Oifig Lá Eolais i mí an Mheithimh do bhaill na trádála miondíola tobac.

Rinne an Oifig feachtas eolais a phleanáil agus a thabhairt chun críche freisin in irisí trádála miondíola agus vintner sular cuireadh na bearta úra i bhfeidhm.

An Clár Náisiúnta Cigireachta Tobac

I gcomhar le FSS, is í an Oifig atá freagrach as an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac a chomhordú. Is iad na hOifigigh Shláinte Comhshaoil na hoifigigh údaraithe faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009, agus tá sé de dhualgas orthu fiosrú a dhéanamh ar sháruithe na reachtaíochta agus tá ról ríthábhachtach acu maidir lena forfheidhmiú.

Sa bhliain 2009, dhírigh an Oifig go príomha ar mhiondíoltóirí a ghríosú le cloí leis na forálacha úra fógraíochta a chuirfí i bhfeidhm i siopaí. Ba chuid thábhachtach den chlár náisiúnta cigireachta laghdú a chur ar dhíolacháin tobac le mionaoisigh freisin. Chomh maith leis sin, ba thábhachtach leis an Oifig i gcónaí daoine a ghríosú le cloí leis an reachtaíocht maidir le hionaid oibre a bheith saor ó thobac.

Cuireadh plean mór forfheidhmithe i bhfeidhm i rith 2009 faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac:

- Tionscnaíodh 25 ionchúiseamh de bharr neamhchomhlíonadh reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac. Bhí 19 gciontú ann dá bharr sin agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i dtrí chás díobh;
- Tionscnaíodh ocht gcás as díolacháin le mionaoisigh. Sna cásanna sin dhíol lucht an áitribh mhiondíola toitíní do mhionaoisigh a thairg dá d(h) eoin féin iad a iarraidh. Sé chiontú a d'eascair astu seo. Díbheadh ceithre chás agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i gcás amháin díobh;
- Tionscnaíodh cás amháin faoi Alt 38 (1) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002-2009. Bhain an cás sin le díolachán toitíní ar bhonn miondíola ar bhealach eile seachas i bpacáiste ina bhfuil nach lú ná 20 toitín. Ciontú an toradh a bhí air sin. Tionscnaíodh an cás sin i gcoinne miondíoltóra i gceantar Bhaile Átha Cliath Lár Laighean. Ba é an chéad chás é faoi Alt 38 (1)

Cigireacht

Tarraingítear ar chlár na gcigireachtaí a dhéantar i ngach limistéar FSS nuair atá sonraí ar chigireacht um rialú tobac á gcur le chéile. Cuireadh an t-eolas seo i dtoll a chéile trí leas a bhaint as na prótacail náisiúnta faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac. De dheasca na gníomhaíochta tionsclaíche atá ar siúl faoi láthair san earnáil phoiblí, áfach, níl fáil ar shonraí faoi chigireacht na bliana 2009.

Ionchúisimh

Ionaid Oibre Saor ó Thobac

Tá ról an-tábhachtach ar fad ag na hOifigigh Shláinte Comhshaoil faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac maidir leis an rath atá ar reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac.

Le linn na bliana 2009, rinne na hOifigigh Sláinte Comhshaoil deimhin de gur tionscnaíodh ionchúisimh sna Cúirteanna Dúiche nuair a bhí fianaise ann go raibh sáruithe suntasacha nó sáruithe leanúnacha á ndéanamh ar an reachtaíocht. D'éirigh le formhór na n-ionchúiseamh sin faoi mar a tharla sna blianta roimhe sin.

Tionscnaíodh 25 cás maidir le ciontuithe faoi alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 go2009 le 12 mhí anuas. Bhí 19 gciontú ann de bharr na gcásanna sin. Cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i dtrí chás agus díbheadh sé cheann eile.

Tá comparáid idir na sonraí bliantúla faoi ionchúisimh maidir le hionaid oibre saor ó thobac le fáil i dTábla 1. Tá cuntas i dTábla 2 ar líon na n-ionchúiseamh a rinneadh i ngach limistéar de chuid FSS.

Léiríonn anailís ar na 25 cás ón mbliain 2009 gur:

- Bhain 18 díobh le háitribh cheadúnaithe;
- Bhain ceann amháin acu le hóstán;
- Bhain cúig cinn acu le cuideachtaí tacsaithe;
- Bhain ceann amháin acu le stuara siamsa.

Léiríonn anailís bhreise ar na 19 gciontú gur:

- Bhain 11 gcinn acu le caitheamh tobac a cheadú in ionaid chaite tobac lasmuigh nár ghéill don reachtaíocht
- Bhain 7 gcinn acu le caitheamh tobac a cheadú in áit shainithe eile
- Bhain 3 cinn acu le daoine ag caitheamh tobac in áit shannta.

Díolacháin le Mionaoisigh

De thoradh an chláir chigireachta ar dhíolacháin le mionaoisigh, rinneadh sé chiontú in 2009 sna Cúirteanna Dúiche faoi Alt 45 de na hAchtanna Sláinte (Tobac) 2002 go 2009.

Cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i gcás amháin agus díbheadh ceithre cinn eile. Sa bhliain 2008, bhí 19 gciontú ann, ceithre dhíbhe agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm uair amháin.

Léirítear líon na n-ionchúiseamh de réir limistéir FSS i dTábla 3.

Líne Géilliúlachta Íosghlao (1890 333 100)

Cuireann an Líne Géilliúlachta (íosghlao 1890 333 100) bealach éifeachtach ar fáil trínar féidir leis an bpobal gearáin a dhéanamh nó ábhair imní a chur in iúl. Sa mhéid is go dtacaíonn an líne leis an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac, tá sí tábhachtach maidir le comhlíonadh dlí a chur chun cinn agus a chinntiú. Tá an líne seo ar fáil ó 29 Márta 2004 nuair a tugadh isteach reachtaíocht maidir le hionaid oibre bheith saor ó thobac. Ó shin i leith, leathnaíodh feidhm na líne agus anois glacann sí le gach glao a bhaineann le cúrsaí géilliúlachta.

Le linn na bliana 2009, rinneadh 399 gearán san iomlán tríd an líne géilliúlachta, faoi mar a léirítear i dTábla 4:

- Bhain 86% de na glaonna le gearáin maidir le reachtaíocht na n-ionad saor ó thobac;
- Bhain 141 (35%) de na gearáin sin leis an earnáil fáilteachais agus bhain 119 díobh sin le háitribh cheadúnaithe;
- Bhain 5% de na gearáin le díolacháin le mionaoisigh;
- Rinneadh 557 gearán san iomlán tríd an líne géilliúlachta i rith 2008.

Fiosruithe Ón Bpobal

Sa bhreis ar ghearáin a fuarthas trí an Líne Íosghlao Géilliúlachta, d'fhreagair an t-aonad Géilliúlachta agus Forfheidhmithe breis is 1,000 ceist faoin reachtaíocht um rialú tobac agus faoi ábhair a bhain léi, agus thug siad eolas d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do bhaill an phobail.

Bunachar Sonraí Náisiúnta Rialaithe Tobac Fss

Lean an Oifig uirthi i rith 2009 ag cabhrú le Grúpa Stiúrtha Bhunachar Sonraí Náisiúnta Rialaithe FSS a bhfuil sé de thasc acu bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le rialú tobac. Chuaigh an bunachar sonraí beo go náisiúnta ar 1 Iúil 2009 agus is féidir é a úsáid chun faisnéis a fháil faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac.

Tábla 1: Ionaid Oibre Saor Ó Thobac – Líon iomlán na nIonchúiseamh

Bliain	Cásanna	Ciontuithe	Probation Act	Dífe
2009	25	19	3	6
2008	24	19	6	2
2007	43	47	2	2
2006	35	37	4	1
2005	39	45	3	1
2004	13	16	2	0

Tábla 2: Ionaid Oibre Saor ó Thobac – Ionchúisimh de réir limistéir FSS

Bliain	Cásanna	Ciontuithe	Probation Act	Dífe
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	1	0	0	1
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	10	10	0	2
FSS an Deiscirt	4	3	0	1
FSS an Iarthair	10	6	3	2
Iomlán	**25**	**19**	**3**	**6**

Tábla 3: Díolacháin le Mionaoisigh –Ionchúisimh de réir limistéar FSS

Limistéar FSS	Cásanna	Ciontuithe	Probation Act	Dífe
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	2	1	0	3
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	0	0	0	0
FSS an Deiscirt	2	2	0	0
FSS an Iarthair	4	3	1	1
Iomlán	**8**	**6**	**1**	**4**

Tábla 4 Gearáin a Fuarthas – Líon na nGlaonna

Cineál Gearáin	Ean	Fea	Mar	Aib	Beal	Meit.	Iúil	Lún	M.Fó	D.Fó	Sam	Noll	Iom.
Ionaid oibre saor ó thobac	36	45	30	18	18	28	35	20	23	20	30	39	342
Díolacháin le Mionaoisigh	4	3	4	1	3	0	1	0	1	1	0	2	20
Fógraíocht	0	0	0	0	0	0	11	7	4	1	3	0	26
Eile	0	1	0	3	0	3	4	0	0	0	0	0	11
Iomlán na nGlaonna	40	49	34	22	21	31	51	27	28	22	33	41	399

Cuspóir 2

Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cabhrú léi i gcur i ngníomh beartas agus spriocanna an Rialtais maidir le rialú agus rialúchán táirgí tobac

Ceann de phríomhdhualgais na hOifige um Rialú Tobac ná comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí i ndáil le húsáid tobac, na héifeachtaí ar dhaoine go ginearálta agus bearta a mholadh a laghdódh nó a chuirfeadh deireadh le caitheamh tobac agus na héifeachtaí ar an tsochaí.

Leathnaíonn an dualgas seo chun comhairle agus eolas a chur ar fáil don Rialtas i ndáil le rialú tobac chomh fada le hAirí agus údaráis ábhartha eile freisin, mar is cuí de réir na hOifige. Lena chois sin, tugann an Oifig comhairle don Aire agus don Roinn Sláinte agus Leanaí ar éifeachtacht na reachtaíochta um rialú tobac in Éirinn. Tá monatóireacht agus tuairisciú géilliúlachta leis an mbeart um ionad oibre saor ó thobac, díolacháin do mhionaoisigh agus ó 1 Iúil 2009 baint na dtaispeántas ag an díolphointe agus clár na miondíoltóirí san áireamh.

Tá freagracht ar leith ag an Oifig cuidiú leis an Aire le forfheidhmiú beartas agus spriocanna an Rialtais i ndáil le rialú táirgí tobac. Tá dualgas ar an Oifig comhairle a sholáthar ar iarratas i ndáil le:

- Déantúsaíocht, allmhairiú, díol nó soláthar agus caitheamh na dtáirgí tobac;
- Straitéisí úsáidte ag déantúsóirí, allmhaireoirí, dáileoirí nó miondíoltóirí na dtáirgí tobac;
- Teicneolaíocht úsáidte i ndéantúsaíocht, táirgeadh, margaíocht na dtáirgí tobac agus nuálaíochtaí gaolmhara sna cúrsaí seo.

Tús le Bearta Breise Rialaithe Tobac sa timpeallacht miondíola

I rith 2009, bhuail ionadaithe ón Oifig le hÁine Brady Uas. TD, an tAire Stáit chun ullmhú i gcomhair forálacha suntasacha breise de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) a chur i bhfeidhm. Freisin sholáthair an Oifig comhairle maidir le leasuithe reachtúla an Bhille Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2009.

I rith 2009, d'oibrigh an Oifig i ndlúthpháirtíocht le hoifigigh ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar bhall den Ghrúpa Feidhmithe Náisiúnta a dhéanann an Roinn cathaoirleacht air. Is é ról an Ghrúpa seo ná cinntiú go ndéantar reachtaíocht um rialú tobac a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm go héasca.

Mar chuid dá cuid oibre chuige sin, choimisiúnaigh an Oifig ISPOS mrbi chun iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht mhiondíola chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na forálacha reachtúla a cuireadh i bhfeidhm le déanaí. Soláthraíodh na sonraí taighde don Aire, dá cuid oifigeach agus don FSS chun comhairle a thabhairt dóibh faoi obair um bunú géilliúlachta.

Treoir do Mhiondíoltóirí Táirgí Tobac

Go luath i 2009, ceapadh foghrúpa an Ghrúpa Náisiúnta Forfheidhmiúcháin d'fhonn treoir a ullmhú le haghaidh miondíoltóirí i dtaobh na mbeart nua a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2009. I measc a bhaill tá ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón Oifig um Rialú Tobac.

I mBealtaine 2009, rinne an Oifig an t-ábhar treorach sin agus d'eisigh sí ar pháirtithe leasmhara é.

Rabhaidh Sláinte Téacs agus Grianghraf le Chéile

I rith 2008 sholáthair an Oifig comhairle don Aire maidir le rabhaidh sláinte téacs agus grianghraf le chéile. Déanann an tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2009 foráil le haghaidh rialacháin atá le dréachtú ionas gur féidir rabhaidh a chur ar phacaí toitín. Roghnaíodh na híomhánna le háireamh tar éis taighde cáilíochtúla a choimisiúnaigh an Oifig.

Rabhaidh Sláinte Dhátheangacha

Toradh caithimh tobac – bás

Smoking kills

I mí Iúil 2008, shínigh an tAire Harney Ionstraim Reachtúil 255 / 2008 chun foráil a dhéanamh do rabhaidh sláinte dhátheangacha - a chuimseodh Gaeilge agus Béarla araon ar tháirgí tobac a díoltar in Éirinn. Ó 1 Deireadh Fómhair 2009, léirítear gach rabhadh sláinte i nGaeilge agus i mBéarla.

Tuarascáil Bhliantúil

D'ullmhaigh an Oifig a Tuarascáil Bhliantúil 2008 agus chuir sí faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí í de bhun fhorálacha Alt 25 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Thug an tuarascáil cuntas ar phríomhghníomhaíochtaí na hOifige le linn 2008.

Cuspóir 3

Tabhairt faoi thaighde mar thacaíocht do thionscnaimh um rialú tobac bunaithe ar fhianaise agus na torthaí a scaipeadh

Tá bonn fianaise láidir de dhíth chun tacú le cláir um rialú tobac agus chun beartas sláinte poiblí atá éifeachtach a fhorbairt. Tá monatóireacht agus measúnú leanúnach neamhspleách riachtanach freisin chun éifeachtacht na mbeart reatha a mheasúnú, bearta nua a aithint le breithniú, agus úsáid is fear na n-acmhainní atá ar fáil a chinntiú. Dá réir sin, cuirtear béim shuntasach ar thaighde phríomhúil agus thánaisteach laistigh de ghníomhaíochtaí na hOifige.

Tá ceanglais dhlíthiúla na hOifige maidir le gníomhaíochtaí taighde leagtha amach in Alt 10 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002:

- Déanamh, urraíocht agus coimisiúnú taighde atá dírithe ar bhearta a aithint gur dócha a laghdóidh forleithne caithimh tobac nó a chuid éifeachtaí;
- Tuarascálacha taighde ábhartha a ullmhú agus a fhoilsiú.

Déanann an Oifig an fheidhm seo a chomhlíonadh ar mhórán bealaí. Chomh maith le tionscadail ar leith a choimisiúnú ó ghníomhaireachtaí speisialta taighde, rinneadh comhthionscnaimh speisialta a chur i gcrích le heagraíochtaí eile freisin chun déileáil le réimsí comhleasa. Leanann forbairt an chumais taighde trí líonraí roinnte mar thosaíocht na hOifige - ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Iniúchadh ar Thimpeallacht Mhiondíola na hÉireann

I rith 2009, d'fhoilsigh an Oifig dhá thuarascáil taighde ar thimpeallacht mhiondíola na hÉireann - foilsíodh an chéad cheann i Márta agus an dara ceann i Samhain. Ba iad IPSOS mrbi a rinne an dá phíosa taighde thar ceann na hOifige.

Tuarascáil Mhárta 2009

Bhí an chéad tuarascáil bunaithe ar thaighde a rinneadh i rith 2009 agus cuireadh na sonraí i gcomparáid le torthaí ón staidéar bonnlíne in 2007. Bhí an méid seo a leanas i measc thorthaí lárnacha na tuarascála:

- Bhí 40% de shiopaí ar fud na tíre sásta toitíní a dhíol le daoine faoi aois agus dhiúltaigh 60% iad a dhíol. Tá roinnt feabhais tagtha ar leibhéil géilliúlachta ó 2007, nuair a bhí 48% de shiopaí sásta díol le daoine faoi aois agus nuair a dhiúltaigh 52% iad a dhíol;
- Ní dhearnadh 63% de mhionaoisigh a chosc ó thoitíní a cheannach ó dhíolmheaisín ar áitreabh ceadúnaithe. Tá sé sin beagnach comhionann leis an toradh 64% in 2007;
- Rinne 79% d'áitribh le díolmheaisiní toitíní a oibrítear le ceadchomhartha mionaoisigh a chosc ó thoitíní a cheannach i gcomparáid le 24% d'áitribh le meaisíní a oibrítear le boinn.
- D'iarr 54% de shiopaí cárta aitheantais ar na mionaoisigh in 2008 i gcomparáid le 47% 12 mhí ó sin. Is beag nár tháinig aon athrú ar an bhfigiúr d'áitribh cheadúnaithe in 2008 agus 31% ag iarraidh cárta aitheantais;
- I gcás 96% de mhionaoisigh a iarradh cárta aitheantais orthu diúltaíodh an díolachán;
- Maidir le fógraíocht tobac, agus i dtorthaí a bhí cosúil nach mór le torthaí 2007:
  - Bhí foirm áirithe fógraíochta tobac ar taispeáint i 89% de shiopaí gur tugadh cuairt orthu;
  - Bhí milseogra ar taispeáint ag 40% de shiopaí ar fad go ndearnadh suirbhé orthu taobh leis an taispeáint tobac.

Tuarascáil Samhain 2009

Bhí an dara tuarascáil bunaithe ar thaighde a rinne IPSOS mrbi i rith samhradh 2009. I measc na dtorthaí lárnacha bhí:

Géilliúlacht maidir le Díolacháin le Mionaoisigh – Áitribh Miondíola

- Diúltaíodh toitíní do 94% de leanaí 14 bliana d'aois, 88% de leanaí 15 bliana d'aois, 61% de leanaí 16 bliana d'aois agus 52% de leanaí 17 bliana d'aois;
- Fiafraíodh de 31% de na mionaoisigh ar fad cén aois a bhí orthu agus iad ag iarraidh toitíní a cheannach in asraon miondíola, méadú aon phointe amháin ó 2008;
- Iarradh cárta aitheantais ar 61% de mhionaoisigh agus iad ag iarraidh toitíní a cheannach in asraon miondíola; sin méadú seacht bpointe ó fhigiúr 2008;
- Níor iarradh aon fhoirm cárta aitheantais ar 39% de mhionaoisigh, áfach, agus iad ag iarraidh toitíní a cheannach.

Géilliúlacht maidir le Díolacháin le Mionaoisigh – Áitribh Cheadúnaithe

- Fiafraíodh de 38% de na mionaoisigh ar fad cén aois a bhí orthu agus iad ag iarraidh toitíní a cheannach in áitribh cheadúnaithe, méadú ó 20% in 2008.
- Iarradh cárta aitheantais ar 61% de na mionaoisigh go léir agus iad ag iarraidh toitíní a cheannach in áitribh cheadúnaithe, méadú ó 31% in 2008.

- In 2007 agus 2008 ba iad na céatadáin de mheaisíní a oibrítear le ceadchomhartha a ndearnadh suirbhé orthu ná 16% agus 24% faoi seach. In 2009 mhéadaigh an figiúr sin go 73% (curtha i ngníomh le diosca/cárta nó oibrithe le ceadchomhartha).

Fógraíocht, Taispeáint agus Comharthaí Toitíní

Bhain cuid eile den tuarascáil iniúchta a foilsíodh i Samhain 2009 le géilleadh le cur deireadh le taispeáint agus fógraíocht táirgí tobac san ionad miondíola a chuaigh i bhfeidhm ar 1 Iúil. Fuarthas san iniúchadh:

- Go raibh 98% de shiopaí ag géilleadh leis an reachtaíocht nua maidir le cosc ar fhógraíocht sa siopa;
- Go raibh 97% de shiopaí ag géilleadh leis an reachtaíocht nua maidir le cosc ar thaispeáint toitíní le díol sa siopa.

Measúnú ar Reachtaíocht Díolphointe, Fógraíochta agus Taispeántais Tobac

Tá an Oifig um Rialú Tobac ag cómhaoiniú staidéir ar an reachtaíocht mhiondíola in Éirinn i dteannta le Cancer Research UK, Cumann Ailse na hÉireann agus ASH na Nua-Shéalainne. Is í Ollscoil Nottingham atá i gceannas ar an taighde.

Cé nach mbeidh an taighde críochnaithe go dtí 2010, léiríonn na réamhshonraí go bhfuil fianaise ann a thugann le tuiscint go dtéann taispeántais díolphointe i bhfeidhm ar leanaí. Áirítear an méid seo a leanas le torthaí luatha ón measúnú, a dhéanann comparáid idir tuairimí agus leibhéil feasachta daoine óga sular tugadh an cosc isteach agus tar éis dó a thabhairt isteach:

- I suirbhé ar tuairim 1,000 duine atá 15 bliana d'aois agus níos sine tháinig méadú ar thacaíocht do na bearta nua ó 56% ag tacú leis an gcosc in Aibreán go 68% ag tacú leis faoi Mheán Fómhair.
- Cuireadh agallamh ar 180 leanbh 13-15 bliain d'aois i Meitheamh agus arís eile i Lúnasa. Roimh an gcosc chuimhnigh 81% go bhfaca siad pacaí toitíní nó tobac sna siopaí le mí anuas. Tar éis an choisc laghdaigh sé seo go níos lú ná ceathrú acu.
- Freisin cheap trian de dhéagóirí go n-éireodh leo féin nó lena gcairde toitíní a cheannach i Meitheamh. Tar éis an choisc níor cheap ach ceathrú acu go n-éireodh leo é a dhéanamh.

Tagann na torthaí seo le taighde eile ina léirítear nasc idir an díolphointe agus:

- Claonadh chun caitheamh tobac
- Triail a bhaint as toitíní
- Piocúlacht an chaithimh tobac
- Tuairim faoi leitheadúlacht caithimh tobac

Cruthaíonn taispeántais díolphointe an tuiscint gur féidir toitíní a fháil go héasca i siopaí agus gur 'gnáth-tháirge' iad.

Staidiamaí Saor ó Thobac

Choimisiúnaigh an Oifig Ipsos mrbi chun taighde a dhéanamh ar thuairimí an phobail maidir le staidiamaí saor ó thobac. Áirítear le torthaí lárnacha an taighde:

- Tacaíonn 83% díobh siúd a d'fhreastail ar imeacht staidiam le bliain anuas le staidiamaí saor ó thobac chun daoine eile a chosaint ó thoit réchaite;
- Tacaíonn 72% de chaiteoirí le staidiamaí saor ó thobac.

Cuspóir 4

Na buntáistí a bhaineann le bogadh i dtreo sochaí saor ó thobac a chur in iúl go gníomhach

Ceann de phríomhchuspóirí na hOifige um Rialú Tobac ná cur le tuairimí an phobail agus tacaíocht a bhunú le haghaidh bearta um rialú tobac. Léiríonn fianaise go bhfuil ról riachtanach ag srianta timpeallachta agus rialachán cuimsitheach na dtáirgí tobac chun tomhaltas tobac a laghdú - go háirithe i measc daoine óga. Mar sin féin, ní féidir le srianta mar seo a bheith éifeachtach ach amháin nuair a bhíonn na daoine a thagann faoina dtionchar go hiomlán feasach ar an ndualgais, agus nuair a thacaíonn agus a éilíonn an sochaí géilleadh leo go ginearálta.

I rith 2009, dhírigh an Oifig ar na gníomhaíochtaí lárnacha cumarsáide seo a leanas chun tacú le tionscnamh na mbeart miondíola nua:

Taighde

- Seoladh an *National Tobacco Retail Audit 2008 Monitoring Report* i Márta 2009.
- Sheol an Oifig a taighde maidir le Staidiamaí Saor ó Thobac roimh an gcéad chluiche craobhchomórtais CLG deonach a bhí saor ó thobac, a bhí mar chuid de Chraobhchomórtas Uladh. Ba é CLG Uladh a d'eagair an tionscnamh agus thacaigh an Oifig um Rialú Tobac agus an Ulster Cancer Foundation leis.
- Seoladh an *National Tobacco Retail Audit – 2009 Monitoring Report* i mí na Samhna 2009. Chuimsigh an tuarascáil freisin torthaí an taighde tosaigh ar ghéilliúlacht le tabhairt isteach an choisc ar fhógraíocht agus taispeáint táirgí tobac ag an díolphointe.

Cumarsáid leis na Páirtithe Leasmhara

- Rinne an Oifig leabhrán treorach dar teideal *Treoir dóibh siúd a dhíolann Táirgí Tobac i mBealtaine 2009*, a eisíodh ar chomhlachais trádála miondíoltóirí agus vintner, ar mhiondíoltóirí agus ar úinéirí áitribh cheadúnaithe agus Oifigí Sláinte Comhshaoil.
- Rinne an Oifig feachtas eolais a phleanáil agus a thabhairt chun críche maidir le baint na dtaispeántas agus na fógraíochta ag díolphointí in irisí trádála miondíola agus vintner i mBealtaine agus Meitheamh 2009.
- I mBealtaine reáchtáladh Lá Faisnéise i mBaile Átha Cliath do na Príomhoifigigh Sláinte Comhshaoil ar fad agus d'fhreastail an tAire Stáit, an tUasal Áine Brady TD air.
- I mí Mheitheamh 2009 d'eagraigh an Roinn Sláinte agus Leanaí lá eolais le haghaidh páirtithe leasmhara i mBaile Átha Cliath. Dhírigh an clár ar oibleagáidí na miondíoltóirí tobac i ndiaidh thabhairt isteach na mbeart nua.
- Bhí fógraíocht ar siúl go forleathan ar an raidió áitiúil i rith Mheán Fómhair roimh an spriocdháta chun iarratais a chur isteach ar an gClár Miondíola ar 1 Deireadh Fómhair. Cuireadh fógraí i bhfoilseacháin trádála ábhartha.

Láithreoireachtaí Idirnáisiúnta

- Chuir an Príomhfheidhmeannach páipéar i láthair ar thaispeántas díolphointe tobac i dtimpeallacht mhiondíola na hÉireann sa 14ú Comhdháil Dhomhanda ar Thobac nó Sláinte i Mumbai. Bronnadh duais ar an Oifig as ceann de na láithreachais phóstaeir is fearr as 540 aighneacht as gach cearn den domhan.
- Labhair an Príomhfheidhmeannach ag roinnt imeachtaí tábhachtacha i rith na bliana a d'airigh:
  - Grúpa Tionól Uilepháirtí Thuaisceart Éireann ar Ailse, Stormont, Meán Fómhair 2009;
  - Comhdháil Holyrood ar Chaitheamh Tobac, Dún Éideann, Meán Fómhair 2009;
  - Comhdháil ASH sa Bhreatain Bheag, Caerdydd, Deireadh Fómhair 2009;
  - Roghchoiste na Ríochta Aontaithe ar an mBille Sláinte 2009, Teach na gComóntach, Deireadh Fómhair 2009.

Caidreamh Leis Na Meáin

Tuarascáil ar Iniúchadh Miondíola 2008

Ba é an chéad sheoladh mór um chaidreamh leis na meáin don Oifig ná an *National Tobacco Retail Audit - 2008 Monitoring Report* i Márta. Rinneadh an seoladh a thuairiscíú go forleathan ar theilifís, ar raidió agus sna nuachtáin.

Comóradh 5ú Bliana ó Ionaid Oibre Saor ó Thobac

Go deireanach i Márta 2009, d'eisigh an Oifig preaseisiúint ag comóradh cúig bliana ó tugadh isteach ionaid oibre saor ó thobac. Clúdaíodh an eisiúint go forleathan sna meáin náisiúnta – ag cabhrú an leibhéal ard géilliúlachta leis an reachtaíocht a thabhairt chun suntais.

Staidiamaí Saor ó Thobac

Eisíodh preaseisiúint ar an taighde ar *Staidiamaí Saor ó Thobac* le roinnt pictiúr d'imreoirí CLG Thír Eoghain agus Ard Mhacha ag tabhairt tacaíochta don bheart. Baineadh amach tuarascálacha agus pictiúir sna meáin sa Tuaisceart agus sa Deisceart – go háirithe sna meáin spóirt, roimh an gcéad chraobhchomórtas CLG deonach saor ó thobac.

Seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2008

Seoladh ábhar Thuarascáil Bhliantúil na hOifige le haghaidh 2008 do na meáin i Meitheamh agus tuairiscíodh go forleathan é. Léirigh an Tuarascáil ardleibhéil leanúnacha géilliúlachta le reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac chomh maith leis na leibhéil díolacháin do mhionaoisigh a bhaineann leis an ngníomhaíocht forghníomhaithe.

Baint d'Fhógraíocht agus de Thaispeántais Tobac ag Díolphointí

Eisíodh go leor preaseisiúintí i Meitheamh maidir le baint na fógraíochta agus an taispeántais táirgí tobac ag díolphointí ar an 1 Iúil. Baineadh amach bunús leathan de thuairisciú náisiúnta agus áitiúil.

Tabhairt Isteach Chlár Náisiúnta na Miondíoltóirí Tobac

Eisíodh go leor preaseisiúintí i rith Mheán Fómhair chun an spriocdháta d'iarratais don Chlár Miondíola ar 1 Deireadh Fómhair, 2009 a shonrú agus baineadh amach clúdach náisiúnta agus áitiúil.

Tuarascáil ar Iniúchadh Miondíola 2009

Bhain seoladh mór deireanach na bliana um chaidreamh leis na meáin leis an National Tobacco Retail Audit – 2009 Monitoring Report i Samhain. Rinneadh an seoladh a thuairisciú go forleathan ar an raidió agus sna nuachtáin. Tar éis an tseolta, foilsíodh alt ar Rialú Tobac in Éirinn le Cathaoirleach na hOifige i bhForlíonadh Sláinte an Irish Times.

Fiosruithe Leanúnacha Preasa

I rith 2009, cuireadh spéis mhór ar fud na tíre agus ar fud an domhain i mbearta rialaithe tobac. Mar thoradh air sin, d'fhreagair an Oifig 100 fiosrú preasa go neasach le linn na bliana.

Freisin d'fhreagair an Oifig roinnt cumarsáidí sonracha ó na meáin agus rinne sé iad a thionscain mar Litir chuig an Eagarthóir agus ráitis scríofa eile mar is cuí.

Láithreán Gréasáin

Tá ról tábhachtach ag an láithreán gréasáin **www.otc.ie** i gclár cumarsáide na hOifige. Déantar cur síos sa láithreán gréasáin ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí príomhúla na hOifige agus déantar scaipeadh an eolais a éascú do raon leathan lucht féachana go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Mar a chuirtear ábhar nua leis an láithreán gréasáin go rialta, tá forbairt agus feabhsú leanúnach ag teastáil le cinntiú gur acmhainn tarraingteach agus áisiúil é i gcónaí.

www.tobaccoregister.ie ar 1 Iúil 2009, ag éascú iarratas ar líne do Chlár Náisiúnta na Miondíoltóirí Tobac. Cuireann an láithreán eolas cuimsitheach i láthair do mhiondíoltóirí.

Comhpháirtíocht

Tá cur chuige comhpháirtíochta a chinntiú in iarrachtaí na hÉireann um rialú tobac ina sprioc thábhachtach don Oifig. Is léir, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe, go bhfuil sé riachtanach dlúthnaisc a chothabháil le raon leathan gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí.

I rith 2009, d'oibrigh an Oifig go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Lean an Oifig ag comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí neamhrialtasacha le linn 2009. Tá rannpháirtíocht leanúnach ASH Ireland, Cumann Ailse na hÉireann agus Foras Croí na hÉireann rí-lárnach sa ghluaiseacht i dtreo sochaí saor ó thobac.

Comhoibriú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

I rith 2009, bhí foireann na hOifige rannpháirteach i seimineáir agus comhdhálacha éagsúla ar fhorbairt an bheartais um rialú tobac. Rinne an Oifig treisiú breise ar an naisc idirnáisiúnta le heagraíochtaí comhlántacha agus leantar lena rannpháirtíocht i dtionscadail chomhoibríocha.

Cuspóir 5

Leanúint ag **forbairt éifeachtacht agus chumas na hOifige** agus a foirne chun a chinntiú go gcomhlíonann sí a feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil

Cuíchóiriú Gníomhaireachtaí Stáit

I nDeireadh Fómhair 2008 d'fhógair an tAire Airgeadais go ndéanfaí an Oifig um Rialú Tobac a chónascadh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le Bord Leigheasra na hÉireann agus go rachadh sé sin i bhfeidhm in 2011. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh chuaigh an Oifig i ngleic go hiomlán leis na Príomhfheidhmeannaigh Ghrúpa atá freagrach as na trí ghníomhaireacht a chónascadh agus chomhoibrigh siad leo. Bunaíodh roinnt grúpaí oibre chun beartais agus cleachtais oibre coitianta a aithint sna trí heagraíocht. Ghlac an Rannóg AD páirt sa mhalairt eolais traschomhlachta chun ullmhú leis an gcónascadh in 2011. Mar chuid den rannpháirtíocht sin bhí freastal ar chruinnithe, athbhreithnithe beartas agus doiciméad agus comhordú ar thorthaí lárnacha le tuairisciú do na Príomhfheidhmeannaigh Ghrúpa.

Acmhainní Daonna

Tá an Oifig tiomanta chun cur i bhfeidhm a hoibleagáidí reachtúla a chinntiú tríd an bhfoireann a fhorbairt go leanúnach agus trí úsáid an chleachtais, na mbeartas, na nósanna imeachta, na hoiliúna agus na dtionscnamh forbartha is fearr ó thaobh acmhainní daonna de.

I Márta 2009, d'fhógair an tAire Airgeadais, lánchosc ar earcaíocht agus ar ghníomhaíochtaí bainteacha, mar chuid de roinnt tionscnamh costchiorraithe. Rinne sé seo tionchar suntasach ar an Oifig cion is nárbh fhéidir folúntais a cruthaíodh i rith na bliana a líonadh. Bhain na folúntais le dul in éag conarthaí téarma seasta agus socruithe iasachta idir ghníomhaireachtaí. Laghdaíodh líon na foirne ina raibh 13 i mí Eanáir 2009 go 3 le haghaidh 2010.

Bhainistigh an Oifig príomhdhualgais trí athimlonnú, athshannadh feidhmeanna agus trí sheachfhoinsiú feidhmeanna tacaíochta ríthábhachtacha.

I rith 2009, rinneadh roinnt tionscnamh a eagrú chun acmhainní a chur ar fáil. Áirítear leo seo Próiseáil Sonraí agus Foirne deisce cabhrach chun cúnamh a thabhairt an Clár Miondíola a thabhairt chun críche. Ina theannta sin, rinneadh dhá fheidhm lárnacha tacaíochta a sheachadadh ag gairmithe inniúla sna réimsí seo a leanas - Acmhainní Daonna, Gnóthaí Corparáideacha agus Rúnaíocht Chuideachta, agus Cuntasaíocht Bhainistíochta.

Oiliúint agus Forbairt

Chun forbairt leanúnach na mball foirne ar fad a chinntiú cuireadh líon tionscnaimh oiliúna agus forbartha straitéisí i gcrích in 2009 sna réimsí seo a leanas:

- An Ghaeilge – Buntús
- Comhdháil EHOA
- Líne Géilliúlachta – Glaonna a Láimhseáil agus Láimhseáil Gearán
- Clár Miondíola Próiseáil Iarratas
- Ceisteanna Coitianta faoin gClár Miondíola agus faoi Dhíolphointe
- An "Treoir Theicniúil" agus a tionchar ar Reachtaíocht na hÉireann agus ar Cheapadh Beartais
- Leabharchoimeád Bunúsach
- Clár Cinnteoirí maidir le Saoráil Faisnéise
- Rialachas Corparáideach

Beartais agus Nósanna Imeachta

Creideann an Oifig go daingean go bhfuil tábhacht ag baint le beartais agus nósanna imeachta atá dírithe ar bhaill foirne agus a chuirfidh feabhas ar thaithí oibre na mball foirne go léir. Lean an Oifig uirthi ag déanamh a cuid beartas agus nósanna imeachta AD a athbhreithniú agus a nuashonrú ag teacht le Treoracha agus Ciorcláin a eisíodh go rialta i rith 2009.

Díol suntais in 2009 a bhí na hathruithe ar an méid seo a leanas:

- An Scéim Dreasaithe um Luathscor, agus
- An Scéim Dreasaithe Speisialta um Shos Gairme.

Rialachas Corparáideach

Tá socruithe daingne um rialachas corparáideach i bhfeidhm chun comhlíonadh le haisíocaíochtaí na Roinne Airgeadais a chinntiú. Rinne an Oifig athbhreithniú agus nuashonrú ar nósanna imeachta de réir an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a rinneadh athbhreithniú air le déanaí.

Tá an Clár Rioscaí ina cuid thábhachtach de chóras rialaithe inmheánaigh na hOifige. Is é cuspóir an chláir ná a chinntiú go dtógann lucht bainistíochta na heagraíochta bearta iomchuí chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach, rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, lena bhféadfadh an Oifig a bheith nochta.

Airgeadas

Ceann de phríomhdhualgais na rannóige um Ghnóthaí Corparáideacha ná monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar leithdháileadh buiséid na hOifige agus cinntiú go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla i ndáil le cuntasacht agus íocaíocht pras.

D'aimsigh an Oifig leithdháileadh buiséid de €1,62m in 2009. Ina theannta sin, fuarthas €396,150 trí Tháillí as Clárú Miondíola. Tá Ráiteas Airgeadais a thugann cuntas ar Ioncam agus ar Chaiteachas na hOifige don bhliain leagtha amach sa rannóg a leanas den tuarascáil.

Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na feidhme airgeadais a chinntiú rinneadh Nósanna Imeachta na hOifige a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir Threoirlínte an Roinn Airgeadais agus an chód cleachtais ar rialú comhlachtaí stáit.

I Márta 2009 d'fhógair an tAire ceangal ar chomhlachtaí poiblí laghdú 8% a bhaint amach ar Tháillí as Seirbhísí Gairmiúla, mar cheann de roinnt tionscnamh costchiorraithe. D'éirigh leis an Oifig na coigiltis riachtanacha a fháil ó sholáthraithe seirbhíse gan caighdeán ná leibhéal na seirbhíse a theastaíonn a chur i mbaol.

Cuntais Airgeadais

De réir Ailt 24 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, cuirfidh an oifig cuntais airgeadais faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 don iniúchadh roimh dheireadh Mhárta 2010. Nuair a chuirtear an iniúchadh i gcrích, cuirfear cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire agus Cuntas Ciste faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí a chuirfidh cóipeanna os comhair Tithe an Oireachtais.

Soláthar

Cloíonn an Oifig le nósanna imeachta agus treoirlínte iomchuí uile an tsoláthair phoiblí. Tá siad tiomanta dá feidhm soláthair phoiblí a chomhlíonadh go hionraic agus go cóir, ar bhealach a shlánaíonn an luach is fearr ar airgead poiblí.

Bhí líon próisis soláthair curtha i gcrích ag an Oifig le linn 2009 i ndáil le riachtanais seirbhíse áirithe lena n-áirítear:

- Soláthar baill foirne sealadacha gníomhaireachta;
- Soláthar seirbhísí Cumarsáide;
- Soláthar seirbhísí Cuntasaíochta Bainistíochta;
- Soláthar seirbhísí Acmhainní Daonna/Gnóthaí Corparáideacha agus Rúnaíochta Cuideachta.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Oifig tiomanta do riachtanais reachtaíochta i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chomhlíonadh go hiomlán do bhaill foirne atá ag obair san Oifig agus do chuairteoirí a thagann chuig an Oifig. In 2009 rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Ráiteas Sábháilteachta na hOifige Rinneadh Iniúchadh Sábháilteachta in 2009 agus cuireadh moltaí i bhfeidhm.

Teicneolaíocht Faisnéise

Tugadh roinnt feabhsúchán agus nuashonruithe córais isteach san Oifig chun riachtanais leanúnacha TF na hOifige a éascú. Go háirithe, bhí córais tacaíochta agus bonneagar breise chun feabhas a chur ar chumas leathanbhanda, ar chomhéadan agus shlándáil ag teastáil agus Córas an Chláir Mhiondíola á fhorbairt. Rinneadh an obair i rith 2009 de réir spriocdhátaí tionscadail. Suiteáladh clár criptiúcháin ar gach ríomhaire glúine Oifige chun feabhas a chur ar shlándáil na faisnéise a choimeádann an Oifig.

Saoráil Faisnéise

I rith 2009, fuair an Oifig seacht n-iarratas ar fhaisnéis faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI) 1997 agus 2003. Bhain na seacht n-iarratas le faisnéis neamhphearsanta agus tugadh freagra cuí orthu. Rinneadh Oifigeach agus Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise gach iarratas FOI a bhainistiú de réir Achtanna um Shaoráil Faisnéise.

Ráiteas Airgeadais 2009 (neamh-iniúchta)*

Is é seo a leanas miondealú ar ioncam agus ar chaiteachas na hOifige:

Ioncam	
Ioncam ó Dheontais	1,620,000
Ioncam ón gClár Miondíola	396,150
Ioncam Eile	359
Ioncam Iomlán	**2,016,509**
Caiteachas	**1,909,193**
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse	107,316
Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2009	44,065
Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2009	**151,381**

* Tá na figiúir thuas bunaithe ar dhréachtchuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009, ag feitheamh ar iniúchadh a dhéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas Airgeadais 2009 (neamh-iniúchta)*

Is mar seo a leanas an miondealú ar ioncam agus ar chaiteachas na hOifige:



An Oifig um Rialú Tobac

Willow House
Páirc na Mílaoise
An Nás
Co Chill Dara
Éire

Ríomhphost: info@otc.ie
Teil: +353 45 852700
Facs: +353 45 852799
Líne íosghlao géilliúlachta: 1890 333 100